



**An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing,
Planning and Local Government

**Comhairliúchán Poiblí ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Thithíocht agus
Pleanáil agus Forbairt, 2019
(Ráiteas Príobháideachais)**

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúlachta, as rialtas áitiúil agus as réamhaisnéis na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do do chuid príobháideachais a chosaint agus meas a léiriú air. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a sholáthraítear di maidir le haighneachtaí a rinneadh i rith an chomhairliúcháin poiblí ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Thithíocht agus Pleanáil, 2019; conas a úsáidfear an t-eolas sin, agus cén cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Cuspóirí na próiseála

Úsáidfídh an Roinn do shonraí chun eolas a chur ar fáil don athbhreithniú ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Thithíocht agus Pleanáil, 2019. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta d'aon chuspóir eile seachas é sin dá mbailíodh iad.

Próifíliú

Ní úsáidfídh an Roinn aon sonraí pearsanta a bailíodh uait maidir leis na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí seo le haghaidh cinnteoireacht uathobrithe, nó ar chuspóirí próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Is dleathach do phróiseáil seo do shonraí pearsanta faoi Airteagal 6 (1)(a) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí nuair a bhíonn toiliú tugtha ag an ábhar sonraí go bpróiseálfar a s(h)onraí pearsanta ar chuspóir sonrath amháin nó níos mó.

Slándáil do sonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta cuí teicniúla agus eagraíochta i bhfeidhm chun d'eolas a chosaint ó rochtain neamhúdraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bhearta slándála gan locht ná dothuigthe, agus ní féidir aon mhodh de tharchur sonraí a chinntiú in aghaidh aon idircheaptha nó aon saghas eile de mhí-úsáid. Sa chás go mbaintear de do sonraí pearsanta mar thoradh ar shárú ar shlándáil, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáraithe na Roinne i bhfeidhm.

Faighteoirí na sonraí

Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear dó seo sa dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistroidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh maidir leis na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí seo chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/an LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do sonraí?

Ní choimeádfaidh an Roinn do sonraí pearsanta ach chomh fada sin agus is gá do na cuspóirí dá mbailíodh iad agus dá bpróiseáladh iad.

Beidh an tréimhse choinneála sonraí do do chuid sonraí pearsanta ar aon dul le riachtanais an aonaid reachtaíochta agus ghnó agus leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (arna leasú).

Do chearta

Tá [Beartas um Chosaint Sonraí](#) na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, agus a sholáthraíonn eolas maidir le do chearta mar ábhar sonraí (sonraí san áireamh maidir le ceart rochtana, ceart ceartaithe, ceart scriosta, cearta srianta próiseála, cearta aighneachta), ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Tá an beartas ar fáil, chomh maith, i gcruachóip ar iarraidh sin.

Má cheapann tú gur sáraíodh do chearta, tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh le Coimisiún Cosanta Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie) agus tá an ceart agat réiteach breithiúnach a lorg.

Teagmháil a Dhéanamh Linn

Má theastaíonn breis faisnéise uait, nó más mian leat teacht ar do shonraí pearsanta, déan teagmháil, le do thoil, le **hOifigeach um Chosaint Sonraí** na Roinne. Tá na sonraí ar fáil thíos:

An tOifigeach Cosanta Sonraí,

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,

Bóthar an Bhaile Nua,

Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Guthán: 053 9117450